gasnetworks.ie

# Keeping you safe



# If you smell gas...

## At home

- Ensure gas appliances haven't been left on and unlit
- Don't smoke, vape or use a naked flame
- Don't unplug or switch anything electrical on or off
- Open windows and doors to let the gas disperse
- Turn off the gas at the meter

## On the street

If you smell gas on the street, call **1800 20 50 50** immediately. Don't assume someone else will.

# Then:

**Call our 24 hour Emergency Service**

# 1800 20 50 50

No matter who your gas supplier is.
**If you can't get through, call 999 or 112.**

In the interests of public safety all emergency calls are recorded. Don't use a phone in the immediate area of the leak, use a neighbour's or call from outside.

**www.gasnetworks.ie**

Gas Networks Ireland

# Safety and gas meter tampering

Tampering with a gas meter is illegal and a serious public safety concern. It doesn't just put you at risk, but it also puts your family, neighbours and the general public at risk. Gas Networks Ireland regularly attends reported gas leaks caused by illegal meter tampering.

## Tampering with a gas meter is:

- A serious **safety risk** to you, your family, neighbours and the general public, with a risk of gas explosion, fire, injury or even death.
- **Illegal** – if you tamper with your own or other people's gas meters you will be guilty of a criminal offence and so liable for prosecution. It is also illegal to ask, pay or allow someone else to tamper with your meter.
- **Costly** – you will have to pay for the gas used and the replacement of the damaged gas meter.


Gas Networks Ireland and the gas suppliers are very aware of the financial difficulties that some gas customers can experience, but tampering with a gas meter is not the solution. The consequences could be costly or even fatal.

Public safety is the main priority for Gas Networks Ireland. By law, only Gas Networks Ireland representatives and Registered Gas Installers are authorised to work on natural gas meters and gas pipe work.

### What should I do if I suspect meter tampering is taking place?

**You can confidentially report any suspected cases of meter tampering to Gas Networks Ireland on 1800 464 464 or at www.gasnetworks.ie/metertampering**





# Carbon monoxide

### What is carbon monoxide?

Carbon monoxide is a colourless, odourless and poisonous gas. It can be produced by any appliance which burns any fuel such as oil, turf, coal, gas or wood. If a person is exposed to carbon monoxide over time, it can cause illness, even death. If there is a lack of air for combustion, the appliance is faulty, installed incorrectly, poorly maintained or used incorrectly, carbon monoxide (CO) can be produced. Carbon monoxide can also occur in mobile homes, caravans, boats and holiday homes. It can also accumulate through the bulk storage of wood pellets, such as those used for wood pellet heating systems.

## Know the danger signs

**Watch out for any of the warning signs that your appliance is not functioning properly:**

- Staining, sooting or discolouration around the appliance.
- Condensation on walls / windows.
- A strange smell when the appliance is on.
- A yellow or orange flame where normally blue for a gas appliance.
- Flu-like symptoms such as drowsiness or headaches.

### Be aware of carbon monoxide poisoning

When carbon monoxide is inhaled into the body, it combines with the blood and prevents it from absorbing oxygen. Symptoms of carbon monoxide poisoning include headaches, chest pains, sickness, diarrhoea and general lethargy. If anyone in your house has any of these symptoms, and you suspect carbon monoxide, get fresh air immediately and then seek medical assistance and ask to be checked for carbon monoxide poisoning. If you suspect an appliance may be faulty, stop using it immediately and arrange for a safety inspection by a Registered Gas Installer or qualified service agent for your fuel type.

# Get yourself a carbon monoxide alarm

## Remember

- Ensure your gas appliances are installed and serviced annually by a Registered Gas Installer. For other fuel types use a qualified service agent.
- All chimneys and flues should be kept clear. Have your chimney(s) swept regularly. Crow Guards should be fitted to all chimneys for open fires and all chimneys for gas fires fitted prior to 1996.
- Ensure rooms are properly ventilated and never block vents.
- Use appliances only for the PURPOSE for which they were designed, e.g. do not use a cooker to heat a room. Never close the door of a gas grill whilst the grill is lit.
- Never use barbeques indoors or under cover.
- Flueless gas water heaters and open flue-type water heaters located in bathrooms are considered unsafe as they consume the air within the room and could produce carbon monoxide. **If you think you may have an unsafe gas water heater, contact Gas Networks Ireland now on 1800 89 89 89.**

## Carbon monoxide alarms

Use carbon monoxide alarms but remember these are no substitute for regular inspection and maintenance of appliances, vents, flues and chimneys.

## Make sure the alarm:

- Complies with European Standard EN 50291.
- Carries the CE mark and an independent certification mark, such as a Kitemark.
- Has an ‘end of life’ indicator.

More than one alarm may be required to give full coverage. Alarms should be installed as per manufacturers’ instructions. Alternatively get a qualified installer to fit them for you.

## Check your alarm monthly:

- Push the test button.
- Check its expiry date.
- Replace the batteries if needed.

## Further information:

For further information on carbon monoxide please call **1800 89 89 89** or visit **www.carbonmonoxide.ie**

# Having a gas appliance installed or serviced?




## Always use a Registered Gas Installer or you could risk everything.

**In your home, safety comes first. So, if you're having a gas appliance installed, serviced, repaired, replaced or removed, always use a Registered Gas Installer (RGI).**

## Service appliances annually

As a homeowner, you are the person responsible for ensuring that the gas appliances and installation pipework in your premises are safely maintained.

You should have your boiler and other gas appliances serviced by a Registered Gas Installer once a year. A Registered Gas Installer can:

- Install, service, repair or remove all gas appliances
- Carry out a safety check on gas appliances and pipework.

## Conformance Certificate

A Registered Gas Installer will provide you with a Declaration of Conformance Certificate confirming that the gas work was carried out in conformance with the correct standards and is safe to use. If you don't get one you should ask for one. This is an important document, so keep it in a safe place.

## Rented accommodation

Under the Housing (Standards for Rented Accommodation) Regulations, the landlord is responsible for ensuring that gas and other fuel burning appliances are safely maintained and functional. Landlords are also responsible for installing carbon monoxide alarm(s) where required.

**To find a Registered Gas Installer in your area, visit www.rgi.ie**

REGISTERED RGI™ GAS INSTALLER

# Doing home improvements?

## Home alterations

When adding an extension, converting a garage, insulating walls, double-glazing or weather-sealing doors, you should always consider the ventilation requirements for your gas appliances. Particular restrictions apply where a living space is to be used as a bedroom or a bathroom. Remember, if you are having a gas cooker or other appliance or pipework removed, you must use a Registered Gas Installer. For professional advice on gas appliances and their ventilation requirements contact a Registered Gas Installer before embarking on home alterations.

## Changing the use of a room to a bedroom?

Some gas fires and all boilers which are not 'room sealed' must not be located in a bedroom. If you are considering changing the use of a living room with gas appliances to use as a bedroom, it is important to take account of your gas appliances and seek professional advice from a Registered Gas Installer.

## Think before THEY dig


Every year underground gas pipes are damaged during small jobs around the home, such as building extensions, new driveways, garden walls or landscaping. If you are planning to have work done on your property, always be aware of gas pipes that run underground. It is important to check the location of these pipes before beginning any work. **If you are employing a builder or contractor, make sure to remind them to always dial before they dig by calling 1800 42 77 47 or emailing dig@gasnetworks.ie.**

**DIAL BEFORE YOU DIG**
**1800 42 77 47**
In Emergency call
**1800 20 50 50**
Gas Networks Ireland

More information and maps of the gas network can also be obtained by visiting: **www.gasnetworks.ie/dial**

# Lean-To

**A lean-to is a simple, single-sloped addition, like a shed, canopy, or conservatory etc, that supports itself against an existing wall.**



If you are considering building any of these structures on the side of your property, please ensure you do not enclose the gas meter, the flue terminal, or both.

Constructing a structure that blocks a gas meter or gas appliance vent in Ireland is a serious safety risk and illegal.

Blocking a flue terminal or vent with these structures restricts the safe discharge of flue gases into the atmosphere, limits air movement around the flue, and increases the risk of recirculating combustion products.

Enclosing a gas meter can prevent the gas supply from being isolated in an emergency, hinder necessary maintenance or replacement, and inhibit safety checks on the meter.

It is essential to seek advice from Gas Networks Ireland at **1800 464 464** or **networksinfo@gasnetworks.ie** to assess if the meter or pipework needs to be safely altered by an authorised professional.

# Gas safety



## Always exercise caution when turning your gas supply on or off.

Do not attempt to turn your gas on if the gas supply has been off for a long period of time. Have a Registered Gas Installer inspect your appliances and installation pipework first.

If you have had improvement work done to your home, that may have affected the gas supply have a Registered Gas Installer inspect the installation pipework first before turning it on.

## Locate your gas meter


The gas safety shut-off valve is located at your meter. If your meter is not located outside in a meter box, other common locations include:

- Under the stairs
- Beneath the kitchen sink
- In the garage

## Steps to turn gas off

Ensure that all your gas appliances and pilot lights are turned off. Do not attempt to turn off the gas supply at the meter until your natural gas appliances are turned off.

Go to your meter. Locate the gas safety shut-off valve at your gas meter and turn it to the 'off' position. It is off when the lever is at a right angle to the pipe.
If the gas safety shut-off valve is hard to reach or will not operate, contact Gas Networks Ireland on **1800 464 464** or **networksinfo@gasnetworks.ie**.



# Further safety information

- **Gas cookers and hobs**
  A flame failure device is a protective device built into a hotplate, oven or gas burner which shuts off the gas supply when the flame is no longer detected, protecting you if the burner flame is extinguished or you forget to light the burner.

  All new cookers and hobs sold in Ireland since 2005 require flame failure devices to be fitted on all burners. If your cooker or hob was fitted prior to 2005 it may not have a flame failure device on all burners. Check with your local gas cooker retailer for further advice.

- **Hidden flues**
  In some properties the flues from some gas appliances can run for long distances behind ceiling or wall panels. If a hidden flue becomes disconnected it will not be visible and could present a risk of carbon monoxide poisoning. Irish Standards now require access panels and carbon monoxide alarms to be installed in locations where there are hidden flues. Your Registered Gas Installer will advise you if this is required in your property.

- **Going on holiday?**
  If you go on holiday, make sure your appliances are turned off. However, in very cold weather, your central heating boiler can be left operating at a low setting in order to prevent water pipes from freezing.

- **Have you got a meter box key?**
  It is important that you have a meter box key in an accessible place so you can open your meter box to turn on or off your gas supply. **To obtain a meter box key, please call Gas Networks Ireland on 1800 464 464 or visit www.gasnetworks.ie**



- **Your gas meter**
  Make sure you can access your gas meter in the event of an emergency. Prune any overgrown trees or bushes that may restrict access. Do not store waste materials or wheelie bins close to your gas meter.

- **Isolation valves in apartment buildings**
  if you live in an apartment building there may be two ways to isolate the gas supply to your property in the event of an emergency. The first will be at the gas meter itself, however the gas meter may be located in a basement or other area you do not have easy access to. If this is the case, there should also be an isolation valve inside your property (i.e. your apartment) where the gas supply pipework enters it. You can use this valve to isolate the supply. Make sure you know where your meter and isolation valve are located.

**Find out how to turn your gas supply on and off at www.gasnetworks.ie/turn-gas-off/**

Líonraí Gáis Éireann

gasnetworks.ie

# Ag coinneáil slán sábháilte thú



# Má fhaigheann tú boladh gáis...

## Sa bhaile

- Cinntigh nach bhfuil fearais gháis fágtha ar siúl agus iad gan lasadh
- Ná caith tobac, ná vápáil agus ná bain úsáid as lasair gan chosaint
- Ná díphlugáil, las ná múch aon rud leictreach
- Oscail fuinneoga agus doirse chun an gás a scaoileadh amach
- Múch an gás ag an méadar

## Ar leibhéal na sráide

Má fhaigheann tú boladh gáis ar an tsráid, glaoigh ar **1800 20 50 50** láithreach. Ná síl go ndéanfaidh duine éigin eile é.

## Ansin:

**Glaoigh ar ár Seirbhís Éigeandála 24 uair**

# 1800 20 50 50

Is cuma cé do sholáthraí gáis.

**Mura n-éiríonn leat, glaoigh ar 999 nó 112.**

Déantar taifead ar gach glaoch éigeandála ar mhaithe le sábháilteacht phoiblí. Ná bain úsáid as fón má tá tú gar don sceitheadh: bain úsáid as fón comharsan nó glaoigh lasmuigh.

**www.gasnetworks.ie**

Líonraí Gáis Éireann

# Sábháilteacht agus cur isteach ar mhéadar gáis

Tá sé neamhdhlíthiúil má chuireann tú isteach ar mhéadar gáis agus is buairt thromchúiseach sábháilteachta poiblí é. Ní tusa amháin a chuirtear i mbaol leis, ach cuirtear do theaghlach, do chomharsana agus an pobal i gcoitinne i mbaol leis freisin. Tugann Líonraí Gáis Éireann aire do sceithí gáis go rialta a tharlaíonn i ngeall ar chur isteach neamhdhlíthiúil ar mhéadair.

## Má chuireann tú isteach ar mhéadar gáis

- Is riosca **sábháilteachta tromchúiseach** é duitse, do do theaghlach, do do chomharsana agus don phobal i gcoitinne, agus baineann baol pléasctha gáis, dóiteáin, gortaithe nó báis fiú leis.
- Tá sé **neamhdhlíthiúil** - má chuireann tú isteach ar do mhéadar féin nó ar mhéadar daoine eile beidh tú ciontach as cion coiriúil agus mar sin beidh tú faoi dhliteanas ionchúisimh. Tá sé neamhdhlíthiúil chomh maith, a iarraidh ar dhuine eile cur isteach ar do mhéadar, duine a íoc chun cur isteach ar do mhéadar nó ligean do dhuine cur isteach ar do mhéadar.
- Tá sé **costasach** - beidh ort íoc as an ngás a úsáideadh agus as an méadar gáis a damáistíodh a athsholáthar.


Tá a fhios ag Líonraí Gáis Éireann agus ag na soláthraithe gáis gur féidir go bhfuil deacrachtaí airgeadais ag roinnt custaiméirí gáis, ach ní réiteofar iad trí chur isteach ar mhéadar gáis. D'fhéadfadh an toradh a bheith costasach nó d'fhéadfadh bás tarlú dá bharr fiú.

Tugann Líonraí Gáis Éireann tús áite don tsábháilteacht phoiblí. De réir an dlí, tá údarás ag ionadaithe Líonraí Gáis Éireann agus Suiteálaithe Cláraithe Gáis chun oibriú ar mhéadair gáis nádúrtha nó obair phíobáin ghháis.




## Cad a dhéanfaidh mé má tá amhras orm go bhfuiltear ag cur isteach ar mhéadar?

**Má tá amhras ort faoi chásanna ar bith ina bhfuiltear ag cur isteach ar mhéadar is féidir leat iad a thuairisciú faoi rún do Líonraí Gáis Éireann ag 1800 464 464 nó ag www.gasnetworks.ie/metertampering**



# Aonocsaíd charbóin

**Cad is aonocsaíd charbóin ann?**

Is éard atá in aonocsaíd charbóin ná gás nimhiúil gan dath, gan bholadh. Is féidir le fearas ar bith a dhónn breosla ar bith í a chruthú, cosúil le hola, gual, gás nó adhmad. Má bhíonn duine faoi le haonocsaíd charbóin thar imeacht ama, d'fhéadfaidís a bheith breoite nó fiú bás a fháil dá barr. Má tá easpa aeir don phróiseas dócháin, nó má tá an fearas lochtach, má suiteáladh go mícheart é, mura gcothabháiltear i gceart é nó má bhaintear mí-úsáid as, is féidir aonocsaíd charbóin (CO) a dhéanamh.

Is féidir le haonocsaíd charbóin a bheith ann i dtithe soghluaiste, i gcarbháin, i mbáid agus i dtithe saoire freisin. Is féidir léi bailiú trí bhulcstóráil mhillíní adhmaid, leithéidí an cineál a úsáidtear do chórais teasa mhillíní adhmaid chomh maith.

## Bíodh cur amach agat ar na comharthaí go bhfuil contúirt ann

**Bí ag faire amach d'aon chomharthaí rabhaidh nach bhfuil d'fhearas ag oibriú i gceart:**

- Smálú, súiche nó mílíthiú ar an bhfearas.
- Comhdhlúthú ar bhallaí / fuinneoga.
- Boladh aisteach nuair atá an fearas ar siúl.
- lasair bhuí nó oráiste nuair a bhíonn sé gorm de ghnáth d'fhearas gáis.
- Airíonna fliú cosúil le tinnis chinn nó codlatacht.

**Bí feasach ar nimhiú aonocsaíde carbóin**

Nuair a dhéantar aonocsaíd charbóin a ionanálú isteach sa chorp, meascann sé leis an bhfuil ionas nach féidir ocsaigin a ionsú. I measc na n-airíonna a bhaineann le nimhiú aonocsaíde carbóin tá tinnis chinn, pianta cliabhraigh, breoiteacht, buinneach agus marbhántacht ghinearálta. Má tá na siomptóim seo ar aon duine i do theach, agus má tá amhras ort gur aonocsaíd charbóin atá i gceist, faigh aer úr láithreach agus ansin lorg cabhair leighis agus iarr go ndéanfaí tú a sheiceáil le haghaidh nimhithe aonocsaíde carbóine. Má tá amhras ort gur féidir go bhfuil gléas lochtach, éirigh as a bheith á úsáid láithreach agus déan socrú chun iniúchadh sábháilteachta a fháil ó Shuiteálaí Gáis Cláraithe nó ó ghníomhaire seirbhíse cáilithe do do chineál breosla.

# Faigh aláram aonocsaíd charbóin

**Cuimhnigh**

- Cinntigh go bhfuil do chuid fearas gáis suiteáilte agus go ndéantar seirbhís orthu go bliantúil ag Suiteálaí Gáis Cláraithe. Le haghaidh cineálacha eile breosla bain leas as gníomhaire seirbhíse cáilithe.
- Ba cheart na simléir agus na múcháin uile a réiteach. Faigh do shimléar/do shimléir glanta go rialta. Moltar éanbhac a fheistiú ar gach simléar le haghaidh tinte oscailte agus gach simléar le haghaidh tinte gáis a feistíodh roimh 1996.
- Cinntigh go bhfuil gach seomra aeraithe mar is ceart agus ná blocáil na gaothairí choíche.
- Ná bain úsáid as fearais ach amháin chun na CRÍCHE a dearadh iad, m.sh. ná húsáid cócaireán chun seomra a théamh. Ná dún doras gríoscán gáis choíche nuair atá an gríoscán lasta.
- Ná bain úsáid riamh as fulachtaí fia laistigh den teach nó faoi dhíon.
- Meastar nach bhfuil téitheoirí uisce gáis gan mhúchán agus téitheoirí uisce oscailte de chineál múcháin a bhíonn suite i seomraí folctha sábháilte toisc go n-ídíonn siad an t-aer istigh sa seomra agus d'fhéadfadh siad aonocsaíd charbóin a tháirgeadh. **Má cheapann tú go bhfuil téitheoir uisce gáis agat nach bhfuil sábháilte déan teagmháil le Líonraí Gáis Éireann anois ag 1800 89 89 89.**

**Aláraim aonocsaíd charbóin**

Bain úsáid as aláraim aonocsaíd charbóin ach cuimhnigh nach gciallaíonn sé sin nach gá fós iniúchadh agus cothabháil rialta a dhéanamh ar fhearais, gaothairí, múcháin agus simléir.

**Maidir leis an aláram, cinntigh**

- Go gcomhlíonann sé Caighdeán Eorpach EN 50291.
- Go mbíonn an comhartha CE agus comhartha neamhspleách deimhniúcháin aige, mar shampla an comhartha Eitleoige.
- Go mbíonn táscaire 'dáta as feidhm' aige.

Seans go mbeidh níos mó ná aláram amháin de dhíth chun an teach iomlán a chlúdach. Ba chóir aláraim a shuiteáil de réir threoracha an déantóra. É sin, nó faigh suiteálaí cláraithe chun é a shuiteáil duit.

**Seiceáil d´aláram ar bhonn míosúil:**

- Brúigh an cnaipe tástála.
- Seiceáil dáta éaga an aláraim.
- Athraigh na cadhnraí más gá sin.

**Tuilleadh eolais:**

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil ar aonocsaíd charbóin glaoigh ar
**1800 89 89 89**, Dé Luain – Dé hAoine, 8am – 8pm, Dé Sathairn, 9am – 5.30pm.
**www.carbonmonoxide.ie**

# Ag suiteáil nó ag seirbhísiú fearais gháis?




## Úsáid Suiteálaí Gáis Cláraithe i gcónaí nó d'fhéadfá gach rud a chur i mbaol.

**Bí sábháilte i gcónaí i do bhaile. Má tá sé i gceist agat, mar sin de, fearas gáis a shuiteáil, a sheirbhísiú, a dheisiú, a athrú nó a bhaint, bain úsáid as Suiteálaí Gáis Cláraithe (SGC) i gcónaí.**

## Seirbhísigh fearais gach bliain

Mar úinéir tí, tá tusa freagrach as a chinntiú go ndéanfar na fearais gháis agus píbobair shuiteála ag d'áitreabh a chothabháil go sábháilte.

Ba cheart go mbeadh do choire agus d'fhearais gháis nádúrtha eile seirbhísithe ag Suiteálaí Gáis Cláraithe uair sa bhliain. Is féidir le Suiteálaí Gáis Cláraithe:

- Gach fearas gáis a shuiteáil, a sheirbhísiú, a dheisiú nó a bhaint.
- Seiceáil sábháilteachta a chur i gcrích ar fhearais agus ar phíbobair gháis.

## Deimhniú Comhréireachta

Tabharfaidh Suiteálaí Gáis Cláraithe Dearbhú ar Dheimhniú Comhréireachta duit ina ndeimhnítear go ndearnadh an obair gháis i gcomhréir leis na caighdeáin chearta agus gur sábháilte é a úsáid. Is doiciméad tábhachtach é seo. Mura bhfaigheann tú duine cláraithe, ba chóir duit duine cláraithe a iarraidh. Mar sin, coinnigh in áit shábháilte é.

## Cóiríocht Ar Cíos

Faoi na Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin um Chóiríocht ar Cíos), tá an tiarna talún freagrach as cinntiú go bhfuil gléasanna gáis agus gléasanna eile a dhónn breosla á gcothabháil go sábháilte agus go bhfuil siad feidhmiúil.

Tá tiarnaí talún freagrach freisin as alára(i)m aonocsaíde carbóin a shuiteáil nuair atá sin riachtanach.

**Tabhair cuairt ar www.rgi.ie chun Suiteálaí Gáis Cláraithe a aimsiú i do cheantar.**

REGISTERED RGI™ GAS INSTALLER

# Ag déanamh feabhsúcháin tí?

## Athruithe ar do theach

Agus é i gceist agat síneadh a chur leis an teach, garáiste a athchóiriú, ballaí a insliú, déghloiniú a fháil nó doirse a shéalú in aghaidh na haimsire, ba chóir duit i gcónaí riachtanais aeraithe do chuid fearas gáis a chur san áireamh. Baineann srianta áirithe le feidhm sa chás go bhfuil spás cónaithe le húsáid mar sheomra leapa nó mar sheomra folctha. Cuimhnigh air seo: má tá cócaireán gáis nó fearas nó píbobair gháis eile á mbaint agat, caithfidh tú Suiteálaí Gáis Cláraithe a úsáid. Chun comhairle ghairmiúil a fháil maidir le fearais gháis agus a gcuid riachtanas aeraithe déan teagmháil le Suiteálaí Gáis Cláraithe sula dtugann tú faoi athruithe sa bhaile.

## An bhfuil seomra á athrú agat lena úsáid mar sheomra leapa?

Ní féidir tinte gáis de chineálacha áirithe ná aon choirí gáis nach bhfuil 'séalaithe do sheomra' a shuíomh i seomra leapa. Má tá tú ag smaoineamh ar sheomra suí le fearais gháis a athrú lena úsáid mar sheomra leapa, tá sé tábhachtach d'fhearais gháis a chur san áireamh agus comhairle ghairmiúil a lorg ó Shuiteálaí Gáis Cláraithe.

## Smaoinigh sula ndéanann SIAD tochailt


Déantar dochar do phíobáin gháis faoi thalamh gach bliain agus jabanna beaga á ndéanamh timpeall an tí, de leithéid síntí, cabhsaí nua nó ballaí gairdín a thógáil nó tírdhreachú a dhéanamh. Má tá sé i gceist agat obair a fháil déanta ar do mhaoin, bí feasach i gcónaí ar phíobáin gháis faoi thalamh. Tá sé tábhachtach suíomh na bpíobán seo a sheiceáil roimh dhul i mbun oibre. **Má tá conraitheoir nó tógálaí á fhostú agat, bí cinnte go gcuireann tú i gcuimhne dóibh glaoch roimh thochailt i gcónaí trí ghlaoch ar 1800 42 77 47 nó seol ríomhphost chuig dig@gasnetworks.ie.**

Is féidir tuilleadh eolais agus léarscáileanna den líonra gáis a fháil freisin trí chuairt a thabhairt ar: **www.gasnetworks.ie/dial**



# Claonseantán

## Is éard atá i gceist le claonseantán ná síneadh simplí a bhfuil fána amháin aige, amhail seid, forscáth, nó grianán, a thacaíonn leis féin in éadan balla atá ann cheana.



Má tá tú ag smaoineamh ar aon cheann de na struchtúir seo a thógáil ag taobh do réadmhaoine, bí cinnte nach mblocálann tú an méadar gáis, an teirminéal múcháin nó an dá ceann.

Tá riosca sábháilteachta nach beag agus mídhleathach i gceist le struchtúr a thógáil a bhlocálann méadar gáis nó gaothaire fearais gáis in Éirinn.

Nuair a bhlocálann na struchtúir seo teirminéal nó gaothaire múcháin, cuireann sé teorainn le sceitheadh sábháilte na ngás múcháin isteach san atmaisféar, cuireann sé teorainn le gluaiseacht aeir timpeall an mhúcháin, agus méadaíonn sé an riosca go n-athshruthófar táirgí dó.

Nuair a dhúntar méadar gáis, coisceann sé an soláthar gáis a scoitheadh i gcás éigeandála, cuireann sé bac ar chothabháil nó athsholáthar riachtanach, agus cuireann sé bac ar sheiceálacha sábháilteachta ar an méadar.

Tá sé ríthábhachtach comhairle a lorg ó Líonraí Gáis Éireann ag **1800 464 464** nó **networksinfo@gasnetworks.ie** chun a mheas an gá do ghairmí údaraithe an méadar nó an phíbobair a athrú go sábháilte.

# Sábháilteacht maidir le Gás



## Ní mór duit a bheith san airdeall i gcónaí agus an soláthar gáis á chur ar siúl nó á mhúchadh.

Ná déan iarracht do ghás a chur ar siúl i gcás go raibh an soláthar gáis múchta ar feadh tréimhse fada. Iarr ar Fheisteoir Gáis Cláraithe iniúchadh a dhéanamh ar d'fhearais agus ar do phíboibreacha ar dtús.

Má rinneadh obair fheabhsúcháin ar do theach le déanaí a d'fhéadfadh a bheith tar éis cur isteach ar an soláthar gáis, iarr ar Fheisteoir Gáis Cláraithe iniúchadh a dhéanamh ar na píboibreacha ar dtús sula gcuirtear an soláthar gáis ar siúl.

## Aimsigh do mhéadar gáis

Tá an chomhla stoptha shábháilteachta le haghaidh gáis ag do mhéadar. Mura bhfuil do mhéadar taobh amuigh i mbosca méadair, tá seans go mbeidh sé sna háiteanna seo a leanas:

- Faoin staighre
- Faoi dhoirteal na cistine
- Sa gharáiste


## Céimeanna chun an gás a mhúchadh

Bí cinnte go bhfuil d'fhearais gháis agus do threoirshoilse go léir múchta. Ná déan iarracht an soláthar gáis a mhúchadh ag an méadar go dtí go bhfuil d'fhearais gháis nádúrtha múchta.

Téigh chuig do mhéadar. Aimsigh an chomhla stoptha shábháilteachta le haghaidh gáis ag do mhéadar gáis agus cas an chomhla go 'múchta'.

Tá sé múchta nuair atá an luamhán ar dronuillinn leis an bpíopa.

Má tá sé deacair an chomhla stoptha shábháilteachta le haghaidh gáis a shroicheadh nó mura n-oibreoidh sí, déan teagmháil le Líonraí Gáis Éireann ar **1800 464 464** nó networksinfo@gasnetworks.ie.



# Eolas sábháilteachta breise

- **Cócaireáin agus bhaic gháis**

  Is gléas cosanta é gléas teipthe lasrach atá ionsuite i dteophláta, in oigheann nó i ndóire gáis agus a dhúnann an soláthar gáis nuair nach mbraitear an lasair níos mó, rud a chosnaíonn tú má mhúchtar lasair an dóire nó má dhéanann tú dearmad an dóire a lasadh.

  Ceanglófar go mbeidh gaireas agus baic teipthe lasrach feistithe ar dhóirí na gcócaireán agus na mbac nua ar fad a dhíoltar in Éirinn ó 2005 i leith. Más rud é gur feistíodh do chócaireán roimh 2005 d'fhéadfadh sé nach mbeadh gaireas teipthe lasrach ar na dóirí ar fad. Seiceáil le do mhiondíoltóir áitiúil do chócaireáin gháis chun comhairle bhreise a fháil.

- **Múcháin Fholaithe**

  In áitribh áirithe is féidir le múcháin áirithe gháis síneadh ar feadh achar fada taobh thiar de phainéil síleála nó bhalla. Má dhéantar múchán folaithe a dhícheangal ní bheidh sé infheicthe agus d´fhéadfadh sé go mbeadh baol de nimhiú aonocsaíde carbóin ag baint leis. Éilíonn na Caighdeáin sin atá i bhfeidhm in Éirinn anois go ndéanfaí painéil rochtana agus aláraim aonocsaíde carbóin a shuiteáil in áiteanna ina bhfuil múcháin fholaithe le fáil. Más amhlaidh go bhfuil a leithéid riachtanach i d´áitreabh féin cuirfidh do Shuiteálaí Gáis Cláraithe an méid sin in iúl duit.

- **Ag dul ar saoire?**

  Má tá tú ag dul ar saoire bí cinnte go bhfuil d'fhearais casta as. Is féidir do choire téimh lárnaigh a fhágáil ag oibriú ar shocrú íseal, áfach, má bhíonn aimsir an-fhuar ann, ionas nach reofar na píobáin uisce.

- **An bhfuil eochair an bhosca méadair agat?**

  Tá sé tábhachtach go mbeadh eochair bhosca mhéadair agat in áit inrochtana sa tslí gur féidir leat do bhosca méadair a oscailt chun do sholáthar gáis a chasadh air nó as. **Chun eochair bhosca mhéadair a fháil, cuir glaoch, más é do thoil é, ar Líonraí Gáis Éireann ag 1800 464 464 nó tabhair cuairt ar www.gasnetworks.ie**

- **Do Mhéadar Gáis**

  Cinntigh go bhfuil rochtain agat ar do mhéadar i gcás práinne. Prúnáil crainn fhiána nó sceacha fiána ar bith a chuirfeadh srian ar an rochtain ar do mhéadar. Ná stóráil ábhair dhramhaíola nó araidí rothaí gar do do mhéadar gáis.

- **Comhlaí Aonrúcháin i bhFoirgnimh Árasán**

  Má tá tú i do chónaí i bhfoirgneamh árasán is féidir go bhfuil dhá dhóigh ann leis an soláthar gáis chuig do réadmhaoin féin a aonrú i gcás éigeandála. Beidh an chéad cheann le fáil ag an méadar gáis féin; is féidir, áfach, go bhfuil an méadar gáis lonnaithe in íoslach nó i limistéar eile nach bhfuil teacht agat air go héasca. Más amhlaidh atá, ba chóir go mbeadh comhla aonrúcháin le fáil taobh istigh de do réadmhaoin freisin (.i. i d'árasán) san áit a dtéann píbobair an tsoláthair gháis isteach ann. Is féidir leat an chomhla seo a úsáid leis an soláthar a aonrú. Déan cinnte de go bhfuil a fhios agat cá bhfuil do mhéadar agus do chomhla leithlise lonnaithe.

**Faigh amach conas do sholáthar gáis a chasadh air agus a chasadh as ag www.gasnetworks.ie/turn-gas-off/**